Northern Ireland
Statistics and Research Agency

Central Survey Unit
Colby House, Stranmillis Court
Belfast BT9 5RR
Tel: 028 9025 5118

Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann

AN tÁITITHEOIR
Seoladh 1
Seoladh 2
Seoladh 3
Postchód
Seachtain Thagartha

A Fhir Uasail/A Bhean Uasail,

Roghnaíodh do sheoladh le páirt a ghlacadh sa **Suirbhé Lucht Oibre**. Tá an suirbhé á dhéanamh ar son na Roinne Airgeadais agus is príomhfhoinse eolais ar fhostaíocht, ar dhul ar scor agus ar aire a thabhairt don bhaile é.

Cé atá ag déanamh an staidéir?
Tá an Láraonad Suirbhéanna (LAS) ag déanamh an taighde. Is é LAS an príomheagras taighde ar shuirbhéanna sóisialta i dTuaisceart Éireann é agus tá an LAS ar cheann de phríomhréimsí gnó Ghníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann (GSTTÉ).

Cén fáth a bhfuil do thuairimí tábhachtach?
D'fhéadfadh daoine smaoineamh nach mbeadh siad ina gcuidiú leis an suirbhé, mar sílfeadh siad nach mbeadh siad tipiciúil go leor nó go mbeadh siad ró-éagsúil le bheith ina gcuidiú leis an suirbhé: ní hamhlaidh atá. Tá a lán sórt daoine sa ghnáthphobal agus caithfidh muid iad uilig a léiriú inár suirbhé. Tabharfaidh na torthaí léargas níos cruinne má ghlacfaidh gach duine a ndéanfaidh muid teagmháil leo páirt ann, agus tá súil againn go nglacfaidh tú páirt ann.

Cad i an chéad chéim eile?
Tabharfaidh duine dár n-agallóirí cuairt ar do theach i gceann cúpla seachtain le míniú níos mine a thabhairt faoin staidéar. Taispeánfaidh an t-agallóir cárta aitheantais oifigiúil lena (h)ainm, lena g(h)rianghraf agus le lógó GSTTÉ air duit. Má bhíonn tú gnóthach nuair a thabharfaidh an t-agallóir an chéad chuairt ort, beidh sé/sí sásta am níos fóirsteanaí a shocrú leat leis an agallamh a dhéanamh.

Go raibh maith agat!
Go raibh maith agat roimh ré as do chomhoibriú. Tá muid buíoch as do chuidiú sa staidéar tábhachtach seo agus tá súil againn gur shíl tú go raibh an suirbhé suimiúil go leor le páirt a ghlacadh ann.

Má bhíonn ceist ar bith agat, is féidir leat ceist a chur ar ár n-agallóir go pearsanta, nó teagmháil a dhéanamh leis an oifig ar 028 9025 5118 nó cuairt a thabhairt ar www.nisra.gov.uk/central-survey-unit

Is mise le meas,

Kevin Sweeney (Dr)
Ceannasaí an Láraonad Suirbhéanna